Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Deireadh Fómhair 2021**
**(OR. en)**

**12829/21**

**FIN 775**
**SOC 581**
**GENDER 99**
**EMPL 428**
**ANTIDISCRIM 91**

## TORADH NA nIMEACHTAÍ

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12201/21 |
| Ábhar: | Príomhshruthú Inscne i mbuiséad an Aontais (CoA SR Uimh 10/2021)<br>Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an  bhar thuasluaite arna fhormheas ag Comhairle EPSCO ag an gcruinniú a bhí aici an 15 Deireadh Fómhair 2021.

IARSCRÍBHINN

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta 10/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le Príomhshruthú Inscne i mbuiséad an Aontais**

**MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:**

1. **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** an Tuarascáil Speisialta maidir le príomhshruthú inscne i mbuiséad an Aontais, a thíolaic Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE).

2. **CUIREANN SÍ I dTREIS** a thábhachtaí atá sé go gcuirfí príomhshruthú inscne i bhfeidhm ar fud bhuiséad an Aontais, i gcomhréir leis an ngealltanas a chumhdaítear in Airteagal 8 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh: 'Ina ghníomhaíochtaí uile, beidh sé d'aidhm ag an Aontas neamhionannais idir fir agus mná a dhíchur agus comhionannas eatarthu a chur ar aghaidh.'

3. **MEABHRAÍTEAR DI** na gealltanais chun feabhas a chur ar an bhfaireachán a dhéantar ar chaiteachas i dtreo an chomhionannais inscne mar a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach[1].

4. **MEABHRAÍTEAR DI** gur dhearbhaigh an Coimisiún ina Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025, 'go bhféachfaidh sé ar thionchar inscne a chuid gníomhaíochtaí agus ar an gcaoi le caiteachas a bhaineann le comhionannas inscne a thomhas ar leibhéal an chláir in CAI 2021-2027. An toradh a bhí ar an iniúchadh a sheol Cúirt Iniúchóirí na hEorpa le déanaí maidir le príomhshruthú inscne i mbuiséad an Aontais chun comhionannas a chur chun cinn, cuirfidh sé leis an bpróiseas sin. Cuirfidh sé sin feabhas ar an bpríomhshruthú inscne i bpróiseas buiséadach an Choimisiúin, agus méadófar a mhéid a rannchuidíonn sé le ceapadh beartais agus leithdháileadh acmhainní le cuspóirí comhionannais inscne.'

5. **DEARBHAÍONN SÍ** go bhfuil an comhionannas inscne ar cheann de luachanna bunúsacha an Aontais Eorpaigh, mar a leagtar amach in Airteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach iad.

---

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach.

6. **DEARBHAÍONN SÍ** na sochair eacnamaíocha agus shóisialta a bhaineann leis an gcomhionannas inscne, rud atá ina réamhriachtanas d'iomaíochas agus d'fhás inbhuanaithe cuimsitheach na hEorpa.

7. **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** go mbeidh buiséad an Aontais níos dírithe ar thorthaí agus níos éifeachtaí mar thoradh ar chur chun feidhme an phríomhshruthaithe inscne ar fud bhuiséad an Aontais.

8. **CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS** ábharthacht thrasghearrtha na Tuarascála Speisialta.

**TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí deiridh a leagtar amach sa Tuarascáil Speisialta, inar cheart don Choimisiún, i dtuairim Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, an méid seo a leanas a dhéanamh:**

9. A chreat institiúideach a neartú;

10. Anailís inscne a dhéanamh;

11. Sonraí inscne-dhíchomhiomlánaithe a bhailiú agus a anailísiú;

12. Cuspóirí agus táscairí a bhaineann le hinscne a úsáid;

13. Feabhas a chur ar thuairisciú ar chomhionannas inscne; agus

14. Measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar cibé acu a thugtar nó nach dtugtar aghaidh ar chomhionannas inscne sa tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH, i gcomhar leis na BALLSTÁIT, i bhfianaise na moltaí atá sa Tuarascáil Speisialta, an méid seo a leanas a dhéanamh**

15. Dlús a chur leis na hiarrachtaí gné na hinscne a phríomhshruthú go córasach i ngach straitéis agus beartas de chuid an Aontais amach anseo, lena n-áirítear trí bhuiséadú inscne a fhorbairt, mar aon le modheolaíocht chun comhionannas inscne a rianú agus anailís inscne a neartú de réir a chéile ar bhearta ábhartha reachtacha agus beartais an Aontais i gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, mar phríomhuirlisí le haghaidh príomhshruthú inscne, agus machnamh á dhéanamh ag an am céanna ar an bhféidearthacht tabhairt faoi anailísí tionchair inscne *ex-ante* agus *ex-post*.

16. Scrúdú breise a dhéanamh ar Phleananna Téarnaimh agus Athléimneachta na mBallstát, agus ar a gcur chun feidhme ó thaobh an chomhionannais inscne de, agus tuairisc a thabhairt ar an gcaoi ar rannchuidigh siad le cur chun cinn an chomhionannais inscne.

17. An creat institiúideach a neartú chun tacú le príomhshruthú inscne agus gníomhaíochtaí an Aontais á gcur chun feidhme, agus, chun na críche sin, leas a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil chun a thiomantas do phríomhshruthú inscne a aistriú ina ghníomhaíochtaí sonracha tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

   a. Na róil agus na freagrachtaí maidir le príomhshruthú inscne a shoiléiriú i ngach réimse beartais, baill foirne a ainmniú a bheidh freagrach as tacú le príomhshruthú inscne i ngach Ard-Stiúrthóireacht, agus pleananna a tharraingt suas chun príomhshruthú inscne a chur chun feidhme i ngach réimse beartais;

   b. Príomhshruthú inscne éifeachtach i mbuiséad an Aontais a stiúradh, a chomhordú agus a fhaireachán, lena n-áirítear tríd an anailís inscne ar chláir chistiúcháin ábhartha an Aontais a neartú.

   c. Oiliúint maidir le príomhshruthú inscne a chur ar fáil don fhoireann ar fad, lena n-áirítear oiliúint shonrach don fhoireann bhuiséadach ábhartha maidir le príomhshruthú inscne i mbuiséad an Aontais; agus

   d. A áirithiú go roinnfidh Ard-Stiúrthóireachtaí faisnéis agus cleachtais agus go mbainfidh siad úsáid chomhsheasmhach as na huirlisí agus an saineolas atá ar fáil agus príomhshruthú inscne á chur chun feidhme, go háirithe uirlisí agus saineolas EIGE i gcás inarb ábhartha, chomh maith le dea-chleachtais na mBallstát.

18. Comhtháthú an chomhionannais inscne i dtimthriall buiséadach an Aontais a fheabhsú, trí nósanna imeachta príomhshruthaithe agus rianaithe inscne a ghlacadh, lena n-áirítear:

   a. Treoirlínte an Choimisiúin maidir le measúnú a dhéanamh ar thionchar suntasach eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil na dtograí reachtacha a nuashonrú chun an anailís ar thionchair ar inscne a neartú; agus

   b. Anailísí inscne a dhéanamh ar riachtanais agus ar thionchair chláir agus ionstraimí cistiúcháin ábhartha an Aontais, agus torthaí na n-anailísí sin a thuairisciú, lena n-áirítear d'fhonn bearta iomchuí a fhorbairt.

19. Tacú le sonraí inscne-dhíchomhiomlánaithe a tháirgeadh, a bhailiú, a anailísiú, a thuairisciú agus a scaipeadh go córasach maidir le cláir chistiúcháin an Aontais agus na sonraí sin a chur chun cinn, *inter alia* trí obair gníomhaireachtaí agus institiúidí speisialaithe ábhartha ar leibhéal an Aontais, mar aon le hinstitiúidí staidrimh náisiúnta, agus ualaí riaracháin a bhaineann le hoibleagáidí breise tuairiscithe a sheachaint ag an am céanna agus d'fhonn ceapadh beartais eolasbhunaithe a threisiú.

20. Úsáid chórasach a bhaint as na sonraí inscne-dhíchomhiomlánaithe atá ann cheana, d'fhonn ceapadh beartais eolasbhunaithe a atreisiú i gcomhthéacs chláir chistiúcháin an Aontais.

21. Féachaint le feabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as cuspóirí, táscairí agus bearta cur chun feidhme a bhaineann le hinscne chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn, trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

    a. Sonraí ábhartha atá ann cheana maidir le comhionannas inscne a shainaithint agus a úsáid, lena n-áirítear táscairí a bhfuil sonraí inscne-dhíchomhiomlánaithe ar fáil dóibh do chláir agus d'ionstraimí cistiúcháin an Aontais do 2021-2027;

    b. Táscairí feidhmíochta inscne-dhíchomhiomlánaithe a úsáid sna tograí reachtacha ábhartha a bheidh ann amach anseo i gcomhréir le prionsabail ceaptha beartais fhianaisebhunaithe; agus

    c. Tuairisciú laistigh den Tuarascáil Bhliantúil Bhainistíochta agus Feidhmíochta (AMPR) ar ranníocaíochtaí chláir chistiúcháin an Aontais i dtreo dul chun cinn i bpríomhshruthú inscne bunaithe ar chuspóirí, táscairí agus bearta a bhaineann le hinscne.

22. Córas láidir a fhorbairt chun rianú a dhéanamh ar chistí a leithdháiltear agus a úsáidtear chun tacú le comhionannas inscne agus tuairisciú bliantúil a dhéanamh ar na torthaí a baineadh amach i dtéarmaí an chomhionannais inscne, chun cuntasacht agus trédhearcacht bhuiséadach a fheabhsú, agus chun a áirithiú go mbeidh faisnéis iontaofa ar fáil maidir le cistí a leithdháiltear ar chomhionannas inscne agus a úsáidtear chun é a chur chun cinn ar leibhéal an chláir sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027.